2024/2082

29.7.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2082 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Iúil 2024

lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1012

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Nollaig 2011, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) a cheapadh do Chorn na hAfraice.

(2) An 21 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1012 ([1]) lenar ceapadh Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice.

(3) An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1238 ([2]) lenar cuireadh síneadh le sainordú Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice. Tá sainordú ISAE le dul in éag an 31 Lúnasa 2024.

(4) Ba cheart síneadh a chur le sainordú ISAE go ceann tréimhse bhreise 24 mhí agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(5) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh í,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1012 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Leis seo, ceaptar Annette WEBER mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice (ISAE) ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022.

Cuirtear síneadh le sainordú Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice go dtí an 31 Lúnasa 2024.

Cuirtear síneadh le sainordú Annette WEBER mar ISAE do Chorn na hAfraice go dtí an 31 Lúnasa 2026.

Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go gcuirfí síneadh le sainordú ISAE a nó go ndéanfaí é a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.';

(2) in Airteagal 2(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) cobhsú Chorn na hAfraice, agus béim shonrach ar dhinimic an réigiúin i gcoitinne, lena n-áirítear ar leibhéal na dtíortha, i gcás inarb ábhartha do chobhsaíocht an réigiúin, agus béim faoi leith ar an tSúdáin;

(b) an próiseas cothaithe stáit sa tSomáil, aistrithe, sa tSúdáin Theas, mar shampla, an tsíocháin agus próisis an cheartais idirthréimhsigh a chur chun feidhme san Aetóip, chomh maith le coinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir tíortha sa réigiún nó laistigh díobh a chosc agus luathrabhadh a thabhairt ina leith, lena n-áirítear díospóidí trasteorann, agus rannchuidiú lena n-idirghabháil agus lena réiteach síochánta;';

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1012 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice (IO L 222, 22.6.2021, lch. 27).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1238 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1012 (IO L 190, 19.7.2022, lch. 127).

(3) in Airteagal 3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (g):

'(c) dul i gcomhar le gníomhaithe ábhartha lasmuigh den réigiún, ar mhaithe le dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le cobhsaíocht an réigiúin i gcoitinne, lena n-áirítear GERD, an Mhuir Rua, an tAigéan Indiach Thiar agus sa tSomáil. Áireofar ar na teagmhálaithe rannpháirtíocht dhéthaobhach, de réir mar is iomchuí, le Stáit Aontaithe Mheiriceá, le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, le tíortha na Murascaille agus leis an Éigipt, agus teagmhálaithe réigiúnacha le Comhairle Comhair na Murascaille, le Comhairle Stáit Arabacha agus Afracacha na Mara Rua agus Mhurascaill Áidin agus le gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha eile;';

'(g) leanúint de thacaíocht réigiúnach agus idirnáisiúnta a shlógadh chun an ceartas idirthréimhseach a chur chun feidhme lena n-áirítear cuntasacht as sáruithe ar chearta an duine le linn choinbhleacht Tigray san Aetóip, i ndlúthchomhar le Cinn thoscaireachtaí an Aontais agus le misin na mBallstát. Rannchuideoidh ISAE freisin leis an tacaíocht d'iarrachtaí náisiúnta síochána agus athmhuintearais san Aetóip, bunaithe ar idirphlé cuimsitheach, trédhearcach. Saothróidh ISAE iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí réigiúnacha na ngéarchéimeanna iomadúla san Aetóip, lena n-áirítear i réigiúin Amhara agus Oromia;';

(4) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 5(1):

'Is é EUR 5 098 000 an méid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2026 a chumhdach.';

(5) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Cuirfidh ISAE faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn agus tuarascáil chuimsitheach deiridh ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 31 Bealtaine 2026.'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.